



Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine cén cineál bia a thaitníonn leo agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 8.1

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 8.1** orthu. Abair leo na ceisteanna faoi na tíortha agus faoin mbia ón tír sin a fhreagairt le chéile.

Freagraí:

<i>An Ghréig</i>	<i>Gréagach</i>	<i>Bia Gréagach</i>
<i>An India</i>	<i>Indiach</i>	<i>Bia Indiach</i>
<i>An Spáinn</i>	<i>Spáinneach</i>	<i>Bia Spáinneach</i>
<i>An tSín</i>	<i>Síneach</i>	<i>Bia Síneach</i>
<i>An tSeapáin</i>	<i>Seapánach</i>	<i>Bia Seapánach</i>
<i>An Iodáil</i>	<i>Iodálach</i>	<i>Bia Iodálach</i>

-  Bialann Théalannach, Bialann Mhongólach, Bialann Thurchach, Bialann Éireannach, Bialann Mheicsiceach etc.
-  Bíonn séimhiú tar éis ‘bialann’ mar is focal baininscneach é. Beidh tuilleadh plé ar an phointe gramadaí amach anseo.
- (a) Léigh tríd na rialacha go mion leo le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh agus ansin iarr orthu na boscaí a líonadh.
- (b) Iarr orthu labhairt le gach duine ag déanamh plé ar an chineál bia is maith nó nach maith leo. Tá an comhrá samplach ann le cuidiú leo.

Feidhm: Ag tabhairt cuiridh do dhuine/dhaoine
Ag glacadh le nó ag diúltú do chuireadh

Bileog 8.2

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 8.2** orthu. Tabhair seans do gach beirt smaoineamh ar ócáidí a bhaineann le cúrsaí bia agus dí, mar shampla:

caife a ól
deoch a ól
lón a ithe
béile a ithe
gloine fíona a ól
greim gasta a ithe

- Iarr ar gach beirt ansin cleachtadh a dhéanamh ar na ceisteanna *Ar mhaith leat?* etc. agus iad a chur ar a chéile. Abair leo na samplaí a ndearna siad machnamh orthu a úsáid. Mar shampla:
 - *Ar mhaith leat lón a ithe liom amárach?*
 - *Ba bhreá liom.*



- Abair le gach beirt a machnamh a dhéanamh ar ‘bheadh’. Is é an Modh Coinníollach den bhriathar **Bí** atá i gceist.
- Míniú d’óibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip anois. Míniú gur ceithre ghlaio teileafóin atá i gceist, agus go gcaithfidh siad na freagraí a thugann gach duine ar Chiara a bhreacadh síos.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus ceartaigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Míniú d’óibh ansin go gcaithfidh siad an dialann ag bun an leathanaigh a líonadh isteach. Caithfidh siad ar dtús dhá leithscéal a líonadh sa dialann – iad a roghnú ón gciorca.
- Nuair atá an dá leithscéal líonta acu abair leo siúl timpeall an ranga agus cuirí a thabhairt do gach duine caife a ól nó dinnéar a ithe leo le linn an deireadh seachtaine.
- Míniú d’óibh go mbeidh na daoine eile ag tabhairt cuirí d’óibh chomh maith, agus go mbeidh siad ag glacadh agus ag diúltú do chuirí.
- Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - *Haigh a Shiobhán, ar mhaith leat deoch a ól liom oíche Dé hAoine?*
 - *Ba bhreá liom, bheadh sé sin go hiontach. Cén áit?*
 - *Cad faoi The Long Hall?*
 - *Cinnte, feicfidh mé ansin tú ar a hocht a chlog.*

nó

- *Haigh a Sheáin, ar mhaith leat caife a ól liom maidin Dé hAoine?*
- *Ba bhreá liom, ach tá mé ag obair.*
- *Is mór an trua sin, am éigin eile.*

Feidhm: Ag cur tábla in áirithe

Bileog 8.3

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu an comhrá ar bharr an leathanaigh a chur san ord ceart.
 - *Ba mhaith liom tábla a chur in áirithe do bheirt, le do thoil.*
 - *Cinnte, cén uair go díreach?*
 - *Dé Sathairn ag leathuair tar éis a hocht.*
 - *Beidh sé sin ceart go leor. Tabhair dom d’ainm agus uimhir theagmhála, le do thoil.*
 - *Pól Ó Sé, agus is í an uimhir atá agam ná 7689654.*
- Iarr ar bheirt an comhrá a léamh amach os ard duit. Bí cinnte go bhfuil an fuaimniú ceart ag an rang agus go dtuigeann siad gach rud sa chomhrá.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le comhrá idir Pól agus freastalaí anois, agus go bhfuil Pól ag iarraidh tábla a chur in áirithe.

- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus tabhair seans dóibh na ceisteanna a fhreagairt agus a phlé ina mbeirteanna.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Míneigh dóibh ansin go mbeidh gach beirt ag tabhairt faoi rólghníomhaíocht. Glacfaidh duine amháin ról an chustaiméara ar dtús agus an duine eile ról an fhreastalaí.
- Léigh tríd an eolas a tugadh faoi gach ról leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Abair leo úsáid a bhaint as an eolas atá ann dóibh faoi ‘Cultúrlann McAdam’ ag bun an leathanaigh.
- Bí tú féin thart le cuidiú leo le linn na gníomhaíochta ar fad.
- Iarr orthu na ról a mhalartú.
- Cuir ceist ar roinnt beirteanna an rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga. Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.
- Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - *Dia dhuit, An Chultúrlann!*
 - *Dia is Muire duit. An féidir liom tábla a chur in áirithe le do thoil?*
 - *Cinnte, cén uair go díreach?*
 - *Anocht, ar a hocht a chlog do bheirt?*
 - *Fan go bhfeicfidh mé, em, tá tábla againn. Tá sé sin go breá. Cén t-ainm atá ort agus cén uimhir ghutháin atá agat?*
 - *Síle Seoighe, agus is í m’uimhir ná 087 356 4876. Cén seoladh atá agaibh? Agus an bhfuil áit pháirceála agaibh?*
 - *Cultúrlann McAdam Ó Fiach, 216 Bóthar na bhFál. Tá go leor áiteanna le páirceáil timpeall orainn.*
 - *Go hiontach. Tá ceist amháin eile agam duit. Tá mé ag eagrú cruinnithe i mBéal Feirste an tseachtain seo chugainn. An nglacann sibh le grúpaí móra?*
 - *Cinnte. Déan teagmháil le Lára ag . . .*
 - *Go raibh míle maith agat.*
 - *Go raibh maith agat féin, feicfidh mé anocht tú.*
 - *Feicfidh. Slán go fóill.*
 - *Slán.*

Feidhm: **Ag cur ceiste an bhfuil tábla saor**
 Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine cad ba mhaith leo a ithe
 Ag ordú bia
 Ag cur ceisteanna faoin mbia
 Ag cur ceiste ar dhuine/dhaoine ar mhaith leo milseog a bheith acu
 agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 8.4 A agus Bileog 8.4 B

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 8.4** orthu.
- Míneigh don rang go gcaithfidh siad smaoinemh ar na ceisteanna ar fad a chuirtear i mbialann de ghnáth, ón uair a shiúlann tú isteach an doras go dtí go bhfágann tú.

- Tá trí shampla de na ceisteanna ann dóibh ag barr an leathanaigh.
- Nuair atá roinnt mhaith ceisteanna scríofa amach acu déan plé ar na ceisteanna ar fad leis an rang iomlán.
- Scríobh na tuairimí ar fad a fhaigheann tú ar an chlár dubh:

An bhfuil tábla agaibh do bheirt?

An bhfuil tábla saor agaibh do bheirt?

An biachlár/clár fíona, le do thoil.

Céard a bheidh agat/agaibh?

Céard ba mhaith leat/libh?

An bhfuil gairleog san anlann?

Ar mhiste leat crúiscín eile uisce a thabhairt dúinn?

Ar mhaith leat milseog?

An bille, le do thoil.

- Tabhair seans dóibh ansin an leagan Gaeilge den bhia a fheiceann siad sna pictiúir a bhreacadh síos.

Bia déiríochta

bainne

cáis

im

uachtar

iógart

Glasraí

oinniúin

cóilis

prátaí/fataí

trátaí

cairéid

beacáin

pónairí glasa

luibheanna (tím)

Torthaí

anainn

úlla

oráistí

bananaí

piorraí

plumaí

péitseoga

An fheoil

bagún

ispíní

putóg dhubh agus bhán

liamhás

(tá piobar dearg agus buí sa phictiúr chomh maith)

- Déan plé ginearálta ar chúrsaí bia ag an pointe seo, agus cuir ceist ar an rang an bhfuil an Ghaeilge acu ar an bhia a itear sa ghnáthshaol.
- Sula gcuireann tú tús leis an rólghníomhaíocht scríobh na habairtí a leanas ar an chlár dubh le bheith cinnte go bhfuil na struchtúir acu:

*Beidh _____ agam/agamsa!
Ní bheidh iasc ar bith agamsa mar ní réitíonn sé liom.*

- Anois tabhair **Bileog 8.4 B – An Biachlár** do gach duine sa rang agus mínigh dóibh go mbeidh sé ag teastáil uatha don rólghníomhaíocht.
- Cuir gach triúr le chéile agus mínigh an *scenario* dóibh.

Scenario

Tá Duine 2 agus Duine 3 ag dul go dtí bialann. Is é Duine 1 an freastalaí. Caithfidh an freastalaí fáilte a chur rompu, tábla a fháil dóibh agus a n-orduithe a ghlacadh. Tá ar Duine A agus Duine B plé a dhéanamh le chéile chomh maith a fhad is atá siad ag roghnú bia etc. Seo thíos na rudaí ar fad atá le déanamh:

1. *Tábla a fháil.*
2. *Béile trí chúrsa a ordú.*
3. *Deochanna a ordú.*
4. *An bille a fháil.*

- Léigh trí na pointí ar fad atá ar an bhileog leis an rang ar fad. Bí cinnte go dtuigeann siad gach rud agus go dtuigeann siad cad go díreach atá le déanamh acu.
- Cuir tús leis an ghníomhaíocht anois. Tabhair tamall fada go leor dóibh leis an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- Bí thart le cuidiú leo le linn na gníomhaíochta ar fad.

**** Pizza**

- An Chéad Chloch	£4.50
- An tOileánach	£4.95
- Cré na Cille	£4.95

- Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoi na pizzanna thuas:

*Cré na Cille - Máirtín Ó Cadhain 1905-70
An tOileánach – Tomás Ó Criomhthain 1856 – 1937
An Chéad Chloch – Pádraic Ó Conaire 1882-1928*

Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi bhéile

Bileog 8.5, Bileog 8.6 agus Bileog 8.7

- Cuir gach triúr ag obair le chéile agus scaip **Bileog 8.5** orthu.

- Iarr orthu na béilí a bheas acu don tseachtain a scríobh isteach sna bearnaí. Mar shampla – *Dé Luain: Burgar agus Sceallóga.*



blasta
searbh
spíosrach
fuair
te
milis
uisciúil
trom
éadrom
róbhruite
ródhéanta



- Tabhair deis do gach triúr na rialacha a bhaineann le **an-** agus **ró** a phlé le chéile.

- cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis **an-** ach amháin ar ghuta nó ar **d, t, l, s** agus **n**:

an-bhlasta *an-éadrom* *an-spíosrach*

- cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis **ró** ach amháin ar ghuta, agus bíonn fleiscín ann idir dhá ghuta:

róbhruite *ró-éadrom*

- Abair le gach triúr na téacsanna a léamh amach os ard dá chéile agus an mhias is fearr a oireann do gach téacs a roghnú ón gciorcal ar chlé.

1. *Stobhach*
2. *Chicken Royale*
3. *Stéig agus sceallóga*
4. *Pióg Úill*
5. *Curaí glas*

- Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- Scaip **Bileog 8.6** ar an rang agus iarr orthu an réamhobair a dhéanamh agus na frásaí a cheangal le chéile. Ansin ceartaigh iad.
- Iarr ar gach beirt an sliocht a léamh amach os ard le chéile.
- Léigh thusa an t-alt leis an rang ar fad ansin agus pléigí an t-alt ar fad le chéile.
- Tabhair seans do gach beirt ansin cur síos a dhéanamh dá chéile ar an bhéile deireanach a bhí acu.
- Iarr ar chúpla duine sa rang an cur síos a dhéanamh os comhair an ranga.
- Scaip **Bileog 8.7** ar an rang agus abair leo an leagan Gaeilge de na seanfhocail a mheaitseáil leis an leagan Béarla.

1	e

2	<i>i</i>
3	<i>b</i>
4	<i>f</i>
5	<i>a</i>
6	<i>j</i>
7	<i>d</i>
8	<i>g</i>
9	<i>c</i>
10	<i>h</i>

- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad ansin agus léigh na seanfhocail Ghaeilge amach os ard don rang.
- Tabhair seans do gach beirt a machnamh a dhéanamh ar na hamanna a úsáidtear na seanfhocail seo.
- Pléigh na seanfhocail leis an rang ar fad.
- Cuir an téip ar siúl dóibh faoi dhó agus pléigh na freagraí leis an rang iomlán.
- Iarr ar gach duine píosa a scríobh faoi bhéile i mbialann a bhí acu ar na mallaibh don tseachtain seo chugainn.